LAW REFORM
COMMISSION/COIMISIÚN UM
ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ

# RÁITEAS STRAITÉISE
# 2021-2023

**SEOLADH** Teach Hatch, Sráid Hatch Uachtarach, Baile Átha Cliath 2, D02 DY27
**ADDRESS** Styne House, Upper Hatch St, Dublin 2, D02 DY27

**SUÍOMH GRÉASÁIN | WEBSITE** www.lawreform.ie
**RÍOMHPHOST | EMAIL** info@lawreform.ie
**TWITTER** @IrishLawReform
**TEILEAFÓN | TELEPHONE** 01 6377602

An Breitheamh Mary Laffoy | Raymond Byrne, Abhcóide | An Breitheamh Maurice Collins | An Dr Andrea Mulligan, Abhcóide

RÉAMHRÁ ..... 1

RÁITEAS MISIN ..... 2

FORBHREATHNÚ AR CHOIMISIÚN UM ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ ..... 3

TIMPEALLACHT OIBRIÚCHÁIN ..... 4

PRÍOMHCHUSPÓIRÍ ..... 8

PRÍOMHCHUSPÓIR 1 ..... 9

ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ ..... 9

Toradh ..... 9

Táscairí Feidhmíochta ..... 9

Straitéis ..... 9

PRÍOMHCHUSPÓIR 2 ..... 11

ROCHTAIN AR REACHTAÍOCHT ..... 11

Toradh ..... 11

PRÍOMHCHUSPÓIR 3 ..... 14

TACAÍOCHT RIARACHÁIN AGUS TAIGHDE ..... 14

Toradh ..... 14

Táscairí Feidhmíochta ..... 14

Straitéis ..... 15

NÓTA ..... 15

SOCRUITHE MONATÓIREACHTA ..... 16

## RÉAMHRÁ

Thar ceann an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí, tá áthas orm ár Ráiteas Straitéise do 2021-2023 a chur i láthair.

Aithnítear sa Ráiteas seo luachanna agus cuspóirí an Choimisiúin agus na straitéisí a leanfaimid chun ár gcuspóirí a bhaint amach, ár sainordú reachtúil a chomhlíonadh agus ár bhfeidhmeanna a chomhlíonadh lena chinntiú go bhfuil dlíthe na hÉireann oiriúnach do Stát nua-aimseartha agus go bhfuil siad inrochtana do chách.

Leagtar amach sa Ráiteas Straitéise na príomhchuspóirí dár gcuid oibre le linn na dtrí bliana dá fhráma ama, eadhon, na tionscadail taighde maidir le hathchóiriú an dlí atá fágtha inár gCeathrú Clár um Athchóiriú an Dlí a chur i gcrích, agus, a mhéid is féidir, dul chun cinn suntasach a dhéanamh ar bhealach eile maidir leis na tionscadail atá inár gCúigiú Clár um Athchóiriú an Dlí, nó iad a chur i gcrích. Leanfaidh an Coimisiún ar aghaidh lenár gcuid oibre maidir le Rochtain ar Reachtaíocht agus lena fhorbairt tuilleadh, lena n-áirítear an Clár um Athbhreithniú Dlí Reachtúil. Leanfaimid orainn le cur chuige digiteach de réir dearaidh a chur i bhfeidhm chun ár gcuid oibre maidir le Rochtain ar Reachtaíocht a fhorbairt.

Leanfar le hathbhreithniú agus feabhsú leanúnach ar mhodhanna agus mhodheolaíocht oibre an Choimisiúin ionas go gcuirfear feabhas ar cháilíocht sheirbhís an Choimisiúin don phobal.

Leanaimid orainn ag forbairt an Choimisiúin mar ionad bairr feabhais taighde. Leanfaimid orainn ag tógáil naisc chun nasc an Choimisiúin leis an bpobal, leis an tsochaí shibhialta agus le príomhpháirtithe leasmhara eile a neartú. Déanfaimid ár ndícheall freisin a chinntiú go mbeidh foilseacháin um athchóiriú an dlí de chuid an Choimisiúin praiticiúil, ábhartha, bunaithe ar réitigh agus dírithe ar úsáideoirí deiridh na reachtaíochta.

Tá an Coimisiún muiníneach go gcuirfear ar ár gcumas leis an straitéis a shainaithnítear sa Ráiteas seo, leanúint de sheirbhís chuimsitheach a sholáthar don phobal agus don Stát tríd an dlí a choinneáil faoi athbhreithniú neamhspleách, neamhchlaonta agus saineolach, trí mholtaí leanúnacha a dhéanamh maidir le hathchóiriú an dlí agus trí oibriú an dlí reatha a dhéanamh inrochtana ar líne do chách.



An Breitheamh Onórach Mary Laffoy
Uachtarán

13 Bealtaine 2021

## RÁITEAS MISIN

An dlí a choimeád faoi athbhreithniú neamhspleách, oibiachtúil agus saineolaí, chun moltaí a dhéanamh d’athchóiriú an dlí agus chun an dlí reatha a dhéanamh inrochtana do chách.

# FORBHREATHNÚ AR CHOIMISIÚN UM ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ

## Athchóiriú ar an Dlí

Is é an aidhm atá againn dlí na hÉireann a athbhreithniú agus tograí a dhéanamh maidir le hathchóiriú. Oibrímid freisin ar an dlí a nuachóiriú ionas go mbeidh sé níos éasca teacht air agus é a thuiscint. Forbraítear ár gcuid tograí i bpróiseas, agus is í an chéad chéim sa phróiseas seo ná Páipéar Comhairliúcháin. I bPáipéir Chomhairliúcháin, déantar an dlí a scrúdú agus leagtar amach ceisteanna faoi athruithe féideartha ar an dlí. A luaithe a fhoilsítear Páipéar Comhairliúcháin, iarraimid aighneachtaí ar athruithe féideartha ar an dlí. Téimid i gcomhairle go forleathan, déanaimid machnamh ar na haighneachtaí a fuaireamar agus ansin foilsímid Tuarascáil ina leagtar amach anailís agus moltaí an Choimisiúin.

Tá go leor de na hathruithe a rinneadh ar dhlí na hÉireann mar thoradh ar go leor de mholtaí an Choimisiúin.

## Déantar foráil dár sainordú sa dlí

Bunaíodh an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí leis an Acht fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí 1975 chun an dlí a choimeád faoi athbhreithniú neamhspleách, oibiachtúil agus saineolach.

Is féidir leat ár bhfoilseacháin uile a léamh ar www.lawreform.ie.

## Rochtain ar Reachtaíocht

Déanaimid reachtaíocht níos inrochtana don phobal. Déanaimid é seo trí thrí acmhainn a chur ar fáil:

**An tEolaire Reachtaíochta** Is eolaire ar líne é de leasuithe ar reachtaíocht phríomha agus thánaisteach, eolaire ina bhfuil faisnéis ghaolmhar thábhachtach.

**Na hAchtanna Athbhreithnithe** déantar gach leasú agus athrú ar Acht a thabhairt le chéile in aon téacs amháin ar féidir leat cuardach a dhéanamh air ar líne. Ina measc tá:

Na hAchtanna Athbhreithnithe Roghnaithe a achtaíodh roimh 2005, agus gach Acht arna leasú go téacsúil a achtaíodh ó 2005 air (seachas na hAchtanna Airgeadais agus an tAcht Comhdhlúthaithe Leasa Shóisialaigh 2005. Tá Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh athbhreithnithe á ullmhú).

**An Liosta Rangaithe** Is bunachar sonraí ar líne é de gach Acht den Oireachtas atá fós i bhfeidhm eagraithe i 36 ceannteideal nó teideal ábhar-bhunaithe. Leis an Liosta Rangaithe tá sé níos éasca reachtaíocht ghaolmhar ar ábhar áirithe a aimsiú. Is é an t-aon acmhainn atá ar fáil go poiblí ina ndéantar é seo.

Ina theannta sin, táimid ag leanúint leis an gClár um Athbhreithniú ar Dhlí Reachtúil a bhfuil sé mar aidhm aige reachtaíocht atá as feidhm lena aisghairm a aithint. Le linn thréimhse an ráitis straitéise seo leanfaimid leis an obair a tosaíodh in 2019 maidir le reachtaíocht thánaisteach a rinneadh idir 1821 agus 1922.

## TIMPEALLACHT OIBRIÚCHÁIN

Leanfaidh an Coimisiún de bheith ag comhlíonadh a fheidhmeanna ar bhealach éifeachtúil agus costéifeachtach agus seirbhís den scoth á sholáthar aige don phobal fós. Ní éireoidh linn mura n-oibrímid go héifeachtach le daoine eile, laistigh agus lasmuigh den tseirbhís phoiblí. Chuige sin, déanaimid athbhreithniú agus oiriúnú gníomhach ar ár bpróiseas comhairliúcháin ionas gur féidir linn leas a bhaint as raon leathan smaointe agus anailíse.

Déanfar monatóireacht agus athbhreithniú cúramach ar an dul chun cinn i dtreo na bPríomhchuspóirí a leagtar amach sa Ráiteas Straitéise seo a bhaint amach. Sainaithneoidh an Coimisiún agus déanfaidh sé athbhreithniú ar threochtaí agus ar fhorbairtí ginearálta inmheánacha agus seachtracha a bhaineann lena chuid oibre agus déanfaidh sé a chur chuige a oiriúnú agus a nuashonrú de réir mar is gá ar feadh shaolré an Ráitis Straitéise.

Trí chur i bhfeidhm na Straitéise seo, déanfaimid go léir ár gcion lenár gcomhghleacaithe ar fud na seirbhíse poiblí trí thógáil ar athchóirithe athnuachana agus claochlaithe a rinneadh roimhe seo agus trí rannchuidiú leis na Trí Cholún atá in *Ár Seirbhís Phoiblí 2020*, an creat chun seirbhísí poiblí an Stáit a fheabhsú agus a fhorbairt.

Tá na Trí Cholún in *Ár Seirbhís Phoiblí 2020* an-chosúil leis an sainordú reachtúil atá ag an gCoimisiún maidir le hathchóiriú an dlí faoi threoir thaighde. I gColún a hAon, *Ag Seachadadh thar cheann ár bPobail*, leagtar béim ar an ngá le comhairliúchán poiblí agus teagmháil le saineolas ábhartha (cuid lárnach de chur chuige an Choimisiúin i leith a thaighde) agus le cur chuige um "digiteach ar dtús" agus "digiteach de réir dearaidh" a fhorbairt i leith seirbhísí poiblí (cuid dhílis de go leor tograí athchóirithe ón gCoimisiún agus atá lárnach dár gcuid oibre Rochtana ar Reachtaíocht). I gColún a Dó, *Nuálaíocht dár dTodhchaí*, a bhíonn i gceist go nádúrtha chomh maith le sainordú athchóirithe an Choimisiúin, agus atá le feiceáil freisin i bpríomhghníomhartha eile a shainaithnítear i gColún a Dó atá lárnach dár gcuid oibre, eadhon, an úsáid is fearr is féidir a bhaint as sonraí, pleanáil straitéiseach, comhoibriú uile-rialtais, bainistíocht clár agus tionscadal agus cur chuige bunaithe ar fhianaise i leith ár gcuid taighde. I gColún a Trí, *Ár nDaoine agus ár nEagraíochtaí a Fhorbairt* tá gné riachtanach anseo atá le fáil i gcur chuige straitéiseach an Choimisiúin, ina mbíonn gníomhaíochtaí cosúil le bainistíocht éifeachtach d'acmhainní daonna, pleanáil fórsa saothair, bainistíocht feidhmíochta agus forbairt ghairmiúil i gceist chomh maith le cur chuige cuimsitheach maidir le hearcú agus rannpháirtíocht fostaithe.

### Luachanna

Agus ár ról á chomhlíonadh againn, leagaimid béim faoi leith ar roinnt príomhluachanna:

- Sármhaitheas, neamhspleáchas agus oibiachtúlacht inár dtaighde
- Béim a leagan ar an úsáideoir deiridh inár gcuid oibre um Athchóiriú an Dlí agus Rochtain ar Reachtaíocht

- Rannpháirtíocht, comhairliúchán agus idirphlé leo siúd a úsáideann agus a dtéann an dlí i bhfeidhm orthu lena n-áirítear baill den phobal, an tsochaí shibhialta, comhlachtaí poiblí, agus na pobail acadúla, dlí agus beartais
- Cearta an duine agus comhionannas a chur chun cinn i ngach rud a dhéanaimid
- Trédhearcacht agus ionracas maidir lenár n-úsáid d'acmhainní

## Caidrimh

Coinníonn an Coimisiún raon caidreamh tábhachtach le daoine aonair agus eagraíochtaí seachtracha.

Aithníonn an Coimisiún an tábhacht faoi leith a bhaineann lena chaidreamh leis an Ard-Aighne agus le hOifig an Ard-Aighne. Faoi alt 4(2) den *Acht fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí 1975*, féadfaidh an tArd-Aighne a iarraidh ar an gCoimisiún taighde a scrúdú agus a dhéanamh ar réimsí áirithe den dlí (is é sin, sa bhreis ar na tionscadail inár gCláir um Athchóiriú an Dlí), a chaithfidh an Coimisiún a scrúdú ansin. I gcás go ndéanfar iarratais den sórt sin, déanfaidh an Coimisiún a chlár oibre a oiriúnú chun na hacmhainní a theastaíonn chun a oibleagáidí don Ard-Aighne a chomhlíonadh a chur san áireamh. Bíonn na hábhair a chumhdaítear le hiarrataí den sórt sin i gcónaí ina ábhar spéise ginearálta don phobal agus d'fhéadfaidís eascairt as díospóireachtaí laistigh den Oireachtas ar an ngá le hathchóiriú nó as moltaí atá i gClár Rialtais. I measc na dTuarascálacha a foilsíodh le déanaí mar thoradh ar iarratais ón Ard-Aighne bhí: *Knowledge or Belief Concerning Consent in Rape Law* (*Eolas nó Creideamh Maidir le Toiliú i nDlí um Éigniú*) (LRC 122-2019) agus *Pribhléid maidir le Tuarascálacha ar Imeachtaí Cúirte faoin Acht um Chlúmhilleadh 2009* (*Privilege for Reports of Court Proceedings under the Defamation Act 2009*) (LRC 121-2019).

Is é Ard-Stiúrthóir d'Oifig an Ard-Aighne an t-oifigeach cuntasaíochta don Choimisiún.

Tá freagrachtaí sannta freisin ag Coiste Comhairleach, faoi choimirce Oifig an Ard-Aighne, maidir le hathchóiriú an dlí, lena n-áirítear cúnamh a thabhairt don Ard-Aighne ar ghnéithe ar leith d'athchóiriú an dlí, go háirithe agus é i dteagmháil leis an gCoimisiún ar dhréachtchlár um Athchóiriú an Dlí. Tá an Coiste comhdhéanta d'ionadaithe ó Oifig an Ard-Aighne, gach Roinn Rialtais, Comhairle an Bharra, agus an Dlí-Chumann. Leanfaidh an Coimisiún dá rannpháirtíocht sheanbhunaithe le Roinn an Taoisigh i bhforbairt polasaí r-Reachtaíochta, lena n-áirítear i dtaca leis na tograí atá sa *Report on Accessibility of Legislation in the Digital Age* (*Tuarascáil ar Inrochtaineacht Reachtaíochta san Aois Dhigiteach*) (LRC 125-2020) de chuid an Choimisiúin.

Faighimid saineolas seachtrach ó bhaill de na breithiúna, aturnaetha agus abhcóidí cleachtacha, dlíodóirí acadúla, ionadaithe Roinne, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus comhlachtaí agus gníomhaireachtaí reachtúla eile, saineolaithe i réimsí ábhartha neamhdhleathacha éagsúla, ionadaithe ó ghrúpaí sainleasa agus ó bhaill den phobal agus oibríonn siad i gcomhar linn, rud atá chun leasa an Choimisiúin go mór.

Coinníonn an Coimisiún teagmhálacha leanúnacha leis an Roinn Dlí agus Cirt. Tá sé seo tábhachtach go háirithe toisc go bhfuil ról tábhachtach ag an Roinn sin i dtacú le hobair an Choimisiúin, go ginearálta agus i gcur i bhfeidhm go leor de mholtaí an Choimisiúin maidir le hathchóiriú an dlí.

Tagann an Coimisiún go tréimhsiúil os comhair Choistí an Oireachtais freisin chun a chuid oibre a phlé, go háirithe Coiste an Oireachtais um Cheartas agus Comhionannas.

Glacann an Coimisiún páirt i bplé comhroinnte faisnéise agus dea-chleachtais le gníomhaireachtaí eile um athchóiriú an dlí agus coinníonn sé caidreamh oibre leo. Áirítear leis seo páirt a ghlacadh i gcruinnithe bliantúla na gCoimisiún Dlí thar lear (a tionóladh go cianda in 2020 mar gheall ar phaindéim COVID-19), ina mbíonn Coimisiún Dlí Shasana agus na Breataine Bige, Coimisiún Dlí na hAlban, Coimisiún Dlí Gheirsí agus an Coimisiún seo i láthair (agus Coimisiún Dlí Thuaisceart Éireann, go dtí go gcuirfí a mhaoiniú ar fionraí).

## Acmhainní

Tá an Coimisiún tiomanta na hacmhainní a fhaigheann sé a úsáid ar an mbealach is éifeachtaí lena chinntiú go gcomhlíontar a chuspóirí. Go háirithe, leanann an Coimisiún ar aghaidh ag úsáid seirbhísí comhroinnte nuair is féidir. Cuireann an Coimisiún dea-chleachtas i bhfeidhm freisin i mbeartais acmhainní daonna agus i dtaca le bainistíocht airgeadais, agus déanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh ar ár ráitis airgeadais gach bliain.

Úsáidtear Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide nuair is féidir chun feidhmíocht a fheabhsú agus seirbhís ar ardchaighdeán a sholáthar go comhsheasmhach agus go heacnamaíoch. Tháinig sé seo chun tosaigh i gcomhthéacs na paindéime COVID-19 a thosaigh i mí an Mhárta 2020, nuair a rinne an Coimisiún uasghrádú ar na córais TFC atá ann cheana agus ascnaíodh go bogearraí Office 365 agus SharePoint le haghaidh bainistithe leictreonaigh taifead. Chuir sé seo ar chumas an Choimisiúin leanúint ar aghaidh ag déanamh cuid mhaith dá chroí-obair thaighde go cianda ar bhealach táirgiúil. Leanann an Coimisiún ag bogadh i dtreo úsáid níos mó a bhaint as r-fhoilsiú ar a shuíomh gréasáin d'fhonn an costas aschuir a bhaineann le tuarascálacha a tháirgeadh a laghdú agus chun an lucht féachana is leithne is féidir a chinntiú dá fhoilseacháin.

Aithníonn an Coimisiún an tábhacht a bhaineann le haschuir ardchaighdeáin a sheachadadh agus ábharthacht agus tábhacht leanúnach an dlí a choinneáil suas chun dáta, inrochtana agus cruinn, lena n-áirítear trína chuid oibre Rochtain ar Reachtaíocht a fhoilsítear go heisiach ar líne de réir GovTech agus an bheartais "digiteach ar dtús".

In 2020, chuir an Coimisiún tús le láithreacht sna meáin shóisialta, a leanfaidh sé ag forbairt mar chuid dá phróisis rannpháirtíochta poiblí agus comhairliúcháin níos leithne.

## Rannchuidiú Foirne agus Forbairt

Is í foireann an Choimisiúin a phríomhshócmhainn. Is gnéithe de chur chuige an Choimisiúin i leith rannpháirtíocht agus forbairt a fhoirne iad línte cumarsáide soiléire agus oscailte, sainmhíniú ar róil agus freagrachtaí, agus cur chuige foireann-bhunaithe. Tá an Coimisiún tiomanta do dheiseanna a sholáthar do gach ball foirne chun a lánacmhainneacht a fhorbairt trí oiliúint agus forbairt agus feidhmíocht a fheabhsú tríd an gCóras Forbartha Feidhmíochta agus Bainistíochta (PMDS).

## Coimisinéirí

Tá an cúigear ball den Choimisiún freagrach i dteannta a chéile as rath an Choimisiúin a chur chun cinn trína ghníomhaíochtaí a threorú agus a stiúradh. Soláthraíonn siad treoir straitéiseach don Choimisiún agus déanann siad monatóireacht ar ghníomhaíochtaí agus ar éifeachtúlacht dá bhainistíocht.

Ainmnítear Coimisinéir comhordaithe do gach tionscadal um athchóiriú dlí. Cuireann an Coimisinéir Comhordaithe treoir straitéiseach ar fáil don tionscadal, ag treorú na foirne taighde maidir le páipéir a fhorbairt agus a ullmhú lena mbreithniú ag an gCoimisiún agus dul chun cinn an tionscadail a chinntiú.

## PRÍOMHCHUSPÓIRÍ

Sainaithníodh trí phríomhchuspóir bunaithe ar an anailís sa ráiteas seo agus léiríonn siad tiomantas an Choimisiúin i leith seachadadh don tréimhse 2021-2023. Leagfar amach na bearta is gá chun na cuspóirí seo a bhaint amach i bpleananna gnó bliantúla an Choimisiúin. Déantar achoimre ar shocruithe monatóireachta lena chinntiú go bhfuil ár spriocanna á mbaint amach sa chuid dheiridh den Ráiteas Straitéise seo.

## PRÍOMHCHUSPÓIR 1

### *ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ*

Athbhreithniú a dhéanamh ar an dlí agus tabhairt faoi thaighde ag féachaint chun dlí na hÉireann a shimpliú, a nuachóiriú agus a chódú.

### *Toradh*

Corp oibre saineolaí ina ndearnadh taighde críochnúil agus ina bhfuil tograí maidir le hathchóiriú an dlí, atá ar fáil i bhfoirm foilsithe lena scrúdú agus lena mbreithniú, a chuireann le dlíthe atá freagrúil do riachtanais chomhaimseartha agus réamh-mheasta na sochaí in Éirinn a fhorbairt.

### *Táscairí Feidhmíochta*

1. Na tionscadail atá fágtha sa *Cheathrú agus sa Chúigiú Clár um Athchóiriú an Dlí* atá fós ábhartha agus iomchuí, agus aon iarrataí ón Ard-Aighne scrúdú a dhéanamh ar réimsí sainiúla dlí, chomh maith le, má chinntear amhlaidh, obair eile maidir le hathchóiriú an dlí faoi alt 4 den Acht fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí 1975.

### *Straitéis*

1. Athbhreithniú ar ról, feidhm agus modheolaíocht an Choimisiúin ag féachaint do na hacmhainní daonna agus airgeadais atá ar fáil chun an cur chuige is dírithe agus is éifeachtaí agus is féidir a ghlacadh.

2. Acmhainní taighde a shannadh agus a bhainistiú ar bhealach éifeachtach agus éifeachtúil.

3. Croífhoireann de thaighdeoirí buana dlí ardoilte a fhorbairt, ionas go mbeidh an Coimisiún ina lárionad saineolais aitheanta agus barr feabhais taighde, agus go gcoinnítear agus go gcosnófar cuimhne institiúideach.

4. Páipéir tosaigh agus dréacht-téacsanna a fhorbairt lena mbreithniú ag an gCoimisiún.

5. Monatóireacht a dhéanamh ar ábhar taighde dlí (lena n-áirítear anailís ar an dlí reatha agus an dlí comparáideach agus idirnáisiúnta ábhartha) agus úsáid éifeachtach foinsí faisnéise dlí.

6. Páipéir Chomhairliúcháin arna fhormheas ag an gCoimisiún a fhoilsiú i gcomhar comhairliúcháin phoiblí.

7. Dul i mbun comhairliúcháin neamhfhoirmiúla nuair is cuí, chomh maith le próiseas comhairliúcháin phoiblí oiriúnach agus críochnúil, agus torthaí a athbhreithniú.

8. Dréacht-téacs de Thuarascálacha a fhorbairt (agus, más ábhartha, Páipéir Phlé) lena mbreithneoidh an Coimisiún iad.

9. Tuarascálacha arna gceadú ag an gCoimisiún a fhoilsiú le moltaí deiridh maidir le hathchóiriú an dlí agus, nuair is gá, Dréachtbhillí nó dréachtscéim Billí.

10. Monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht agus éifeachtúlacht an phróisis taighde dlí.

11. Rannpháirtíocht ghníomhach an Choimisinéara Comhordaithe a éascú i dtionscadail aonair de réir mar a chinnfidh an Coimisiún.

12. Caidrimh a choinneáil le comhlachtaí eile um athchóiriú an dlí, chun ár n-anailís chomparáideach a threorú agus chun ár dtuiscint ar mhodhanna beartais i ndlínsí eile a fheabhsú.

13. Comhionannas agus cearta an duine a chur chun cinn in obair athchóirithe dlí an Choimisiúin.

14. Úsáideoir deiridh na reachtaíochta beartaithe a chur chun tosaigh i ngach rud a dhéanaimid.

*NÓTA*

Tá freagracht agus cuntasacht fhoriomlán ag an Stiúrthóir Taighde as an bPríomhchuspóir seo a chomhlíonadh.

## PRÍOMHCHUSPÓIR 2

### *ROCHTAIN AR REACHTAÍOCHT*

Faisnéis thráthúil a chur ar fáil ar líne faoi staid reatha na reachtaíochta uile atá i bhfeidhm, agus téacs iomlán na reachtaíochta atá i bhfeidhm a chur ar fáil ar líne ina staid reatha, arna leasú.

### *Toradh*

Innéacsanna inchuardaithe ar líne de leasuithe ar an reachtaíocht uile agus ar fhaisnéis ghaolmhar (ina gcuimsítear an tEolaire Reachtaíochta ar reachtaíocht phríomhúil agus thánaisteach agus an Liosta Rangaithe den Reachtaíocht i bhFeidhm in Éirinn) a choinnítear suas chun dáta chun staid reatha na reachtaíochta leasaithe go léir a éascú; na 400 Acht Athbhreithnithe atá ann cheana (téacs iomlán na nAchtanna ina bhfoirm leasaithe) a choinneáil cothrom le dáta agus Achtanna Athbhreithnithe breise a ullmhú agus a fhoilsiú; agus leanúint le hobair an Chláir Athbhreithnithe um Dhlí Reachtúil (SLRP).

### *Táscairí Feidhmíochta*

1. An tEolaire Reachtaíochta a choimeád lena fhoilsiú ar Leabhar Reachtanna leictreonach na hÉireann (eISB).

2. Raon feidhme na sonraí atá ar fáil san eolaire reachtaíochta a leathnú agus a bhformáid a fheabhsú.

3. Forbairt bhreise ar an Eolaire Reachtaíochta chun faisnéis tosaithe a bheidh ar fáil go héasca maidir le leasuithe ar Achtanna siar go dtí 2001 a chur san áireamh, agus ar an gcaoi sin aghaidh a thabhairt ar shaincheist inrochtaineachta d'úsáideoirí, agus comhtháthú breise ar an Eolaire Reachtaíochta agus an Liosta Rangaithe chun nuashonruithe comhordaithe a éascú agus rochtain úsáideoirí a fheabhsú.

4. Liosta Rangaithe ar líne, inchuardaithe de Reachtaíocht i bhFeidhm a choimeád ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin, nasctha leis an eISB.

5. Comhtháthú breise ar an Eolaire Reachtaíochta agus an Liosta Rangaithe chun nuashonruithe comhordaithe a éascú, chun crostagairt a dhéanamh eatarthu.

6. Na hAchtanna Athbhreithnithe atá ann a choimeád agus líon méadaitheach d'Achtanna Athbhreithnithe a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin, nasctha leis an eISB, agus feabhas a chur ar a gcur i láthair.

7. Dul chun cinn i dtreo obair an Chláir Athbhreithnithe ar Dhlí Reachtúil (SLRP) a chur i gcrích maidir le hionstraimí tánaisteacha roimh ó 1821 go 1922. An Bille um Scéim Athbhreithnithe Dlí Reachtúil (Ionstraimí Tánaisteacha Roimh 1922) a fhoilsiú ar líne nó, más gá, Scéimeanna Billí, le haghaidh comhairliúcháin.

8. Caighdeáin dearbhaithe cáilíochta comhaontaithe curtha i bhfeidhm maidir le gach gné den obair a bhaineann le Rochtain ar Reachtaíocht.

### *Straitéis*

1. Scrúdú ar bhunreachtaíocht nua agus reachtaíocht thánaisteach chun na forálacha leasaitheacha go léir a shainaithint agus chun nuashonruithe a sholáthar go minic ar an Eolaire Reachtaíochta, ina bhfuil liosta iomlán de leasuithe le déanaí mar aon le faisnéis

tosaithe, reachtaíocht thánaisteach ghaolmhar agus faisnéis eile, le foilsiú ar an eISB. Iniúchadh ar fhorbairt bhreise de bhogearraí chun cabhrú leis an bpróiseas seo.

2. Algartaim a fhorbairt chun forálacha tosaithe agus faisnéis tosaithe a choinnítear i mbunachar sonraí LD a shainaithint chun taispeáint réidh faisnéise tosaithe maidir le reachtaíocht leasaithe a éascú. Cur chun feidhme na n-algartam a dhéanamh chun go mbeidh faisnéis iontaofa tosaithe ann maidir le leasuithe atá ar fáil le haghaidh Achtanna siar i dtreo 2001.

3. Bunachar sonraí an Eolaire Reachtaíochta agus an Liosta Rangaithe a chomhtháthú tuilleadh leis an gcuspóir de nuashonruithe a chomhordú agus saoráidí tras-tagartha a sholáthar d'úsáideoirí, agus leis an gcuspóir fadtéarmach na bunachair sonraí a chomhtháthú ionas go mbeidh an tEolaire Reachtaíochta agus an Liosta Rangaithe ina ngnéithe difriúla den bhunachar sonraí céanna.

4. Méadú ar an 400 Acht Athbhreithnithe (comhdhlúthuithe riaracháin) reatha (Eanáir 2021) go c. 460, lena n-áirítear gach Acht tar éis 2000 arna leasú go téacsúil (seachas na hAchtanna Airgeadais), le foilsiú ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin, agus gach Acht a ndearnadh Athbhreithniú a bheith nasctha leis an eISB.

5. Athdhearadh chur i láthair na nAchtanna Athbhreithnithe ionas go mbeidh siad níos inúsáidte, inrochtana agus níos tarraingtí.

6. Leanúint ar aghaidh ag tacú le Ranna Rialtais ar spéis leo a gcomhdhlúthú neamhfhoirmiúil féin / Achtanna Athbhreithnithe nó ionstraimí a dhéanamh agus a chothabháil, agus Billí nó ionstraimí comhdhlúthaithe / códaithe.

7. Nuashonruithe ar líne a fhoilsiú ar an Liosta Rangaithe Reachtaíochta, le hipearnasc le hAchtanna mar a achtaíodh iad agus le hAchtanna a ndearnadh athbhreithniú orthu, ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin agus bheith nasctha leis an eISB.

8. Liosta a chur le chéile de na hionstraimí reachtúla agus sainchumais ábhartha a ritheadh sa tréimhse idir 1821 agus 1922, stádas na n-ionstraimí sin a chinneadh agus moltaí a dhéanamh chun na hionstraimí sin atá fós i bhfeidhm a chúlghairm nó a choinneáil.

9.

Dul i mbun comhairliúcháin phoiblí agus comhairliúcháin le Ranna Rialtais ábhartha agus le haon chomhlachtaí lena mbaineann maidir leis na hionstraimí sin.

10. Leanúint le córas láidir éifeachtach a chur chun feidhme chun cruinneas an ábhair a tháirgtear lena fhoilsiú a aimsiú agus a chinntiú.

11. Úsáid na hacmhainní is fearr atá ar fáil sa teicneolaíocht faisnéise chun tacú leis an obair, lena n-áirítear feasacht a choinneáil ar fhorbairtí ábhartha i sa Teicneolaíocht Faisnéise.

12. Caidrimh a choinneáil le heagraíochtaí eile atá ag obair sa réimse chun coinneáil suas le haon fhorbairtí maidir le dea-chleachtas sa réimse.

13. Caidrimh a choinneáil le Ranna Rialtais agus le páirtithe leasmhara eile chun leanúint ar aghaidh ag cur feabhais ar cháilíocht agus ábharthacht ár n-aschur.

14. Leanúint ar aghaidh ag glacadh páirte i dtionscnaimh ábhartha Rialtais maidir le r-Rialachán agus Inrochtaineacht Reachtaíochta, agus ábhar a sholáthar le foilsiú ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin, lena n-áirítear oibriú i dtreo comhordú a dhéanamh ar chomhleanúnachas breise i leabhar na reachtanna.

*NÓTA*

Tá freagracht agus cuntasacht fhoriomlán ag an mBainisteoir Rochtana ar Reachtaíocht as an bPríomhchuspóir seo a chomhlíonadh. Tá an SLRP comhtháite le Rochtain ar reachtaíocht agus earcaíodh Bainisteoir Tionscadail um Athbhreithniú ar Dhlí Reachtúil go sonrach chun an Tionscadal seo a bhainistiú, a mhaoirsiú agus a chur i gcrích.

## PRÍOMHCHUSPÓIR 3

### *TACAÍOCHT RIARACHÁIN AGUS TAIGHDE*

Seirbhísí corparáideacha éifeachtacha, nua-aimseartha agus gairmiúla riaracháin agus gnó a chur ar fáil chomh maith le Seirbhísí Leabharlainne agus Faisnéise den scoth a chur ar fáil don Choimisiún d'fhonn tacú leis chun a mhisean a bhaint amach.

### *Toradh*

Timpeallacht oibre dhearfach ina dtacaíonn an fhoireann Seirbhísí Dlí agus Corparáideacha agus an tSeirbhís Leabharlainne agus Faisnéise le hobair dlí an Choimisiúin trí sheirbhísí tacaíochta den scoth a sholáthar, lena n-áirítear:

- bainistíocht acmhainní daonna,
- bainistíocht airgeadais
- tacaíocht dlí agus chorparáideach,
- teicneolaíocht faisnéise, agus
- seirbhísí leabharlainne agus faisnéise.

### *Táscairí Feidhmíochta*

1. Oibríonn baill foirne, seirbhísí agus córais le chéile go héifeachtach chun ráiteas misin an Choimisiúin a sheachadadh.

2. Caiteachas ar neamhphá atá fágtha laistigh de theorainneacha buiséadacha arna socrú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

3. Earcaíocht agus roghnú foirne agus iad fós laistigh dár mbuiséad pá arna leagan síos ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, agus an Coimisiún ag leanúint nósanna imeachta cearta laistigh de chritéir ár gceadúnas earcaíochta.

4. Acmhainní leabharlainne agus faisnéise dlí ar líne nó clóite a bhainistiú, a dhéantar athbhreithniú rialta orthu, agus a fhorbraítear go héifeachtach agus go héifeachtúil laistigh den bhuiséad bliantúil leithdháilte agus spásanna fisiciúla agus ar líne na leabharlainne a chothabháil agus a fheabhsú ar bhealach a chinntíonn an stóráil agus an aisghabháil is fearr is féidir ar shócmhainní.

5. Acmhainní feasachta agus oiliúna reatha a sainaitheanta agus úsáidte ar bhealach sofhreagrach agus réamh-mheasta, de réir mar is cuí, lena chinntiú go dtugtar cúnamh don fhoireann acmhainní leabharlainne agus faisnéise a aithint agus a úsáid ar an mbealach is fearr is féidir chun misean an Choimisiúin a bhaint amach.

### *Straitéis*

1. Áiseanna cóiríochta oifige sásúla a chothabháil, agus socruithe a choinneáil faoi athbhreithniú rialta.
2. Seirbhís tacaíochta cléireachais agus dlí ar ardchaighdeán a sholáthar don Choimisiún.
3. An úsáid is fearr is féidir a bhaint as acmhainní daonna trí dhea-cleachtas a chur i bhfeidhm i mbainistíocht acmhainní daonna nua-aimseartha faoin *Ár Seirbhís Phoiblí 2020.*
4. Bainistíocht den scoth a chinntiú ar fhaisnéis a fhaigheann cúnamh ó theicneolaíochtaí Leabharlainne agus cumarsáide faisnéise.
5. Tacaíocht a sholáthar do thaighdeoirí chun coinneáil suas chun dáta le forbairtí leanúnacha dlí agus forbairtí eile a bhaineann le misean.
6. An tacaíocht riachtanach a sholáthar chun imeachtaí rathúla comhairliúcháin agus seolta a chinntiú.
7. Oibriú leanúnach agus éifeachtach chórais bhainistíochta airgeadais an Choimisiúin a chinntiú agus cur i bhfeidhm leanúnach an Chóid Chleachtais do Chomhlachtaí Stáit 2016.
8. Athbhreithniú a dhéanamh ar bhonneagar TF an Choimisiúin agus a chinntiú go leanann sé ag soláthar bunúis láidir do sholáthar seirbhísí TF faoin *mBeartas GovTech*.
9. Cur chun feidhme *Ár Seirbhís Phoiblí 2020* agus tionscnaimh Rialtais eile lena n-áirítear an Oifig Náisiúnta um Sheirbhís Comhroinnte.

### *NÓTA*

Tá freagracht agus cuntasacht fhoriomlán ar an gCeann Riaracháin as gach gné den phríomhchuspóir seo a chomhlíonadh, seachas na gnéithe leabharlainne agus faisnéise atá faoi fhreagracht fhoriomlán an Bhainisteora Leabharlainne agus Faisnéise.

## SOCRUITHE MONATÓIREACHTA

Beidh feidhm ag na socruithe seo a leanas thar shaolré an Ráitis Straitéise seo:

- Déanfaidh an Coimisiún faireachán agus athbhreithniú córasach ar a dhul chun cinn i dtreo a Phríomhchuspóirí a bhaint amach agus na torthaí agus straitéisí a ghabhann leis. Tá príomhtháscairí feidhmíochta leagtha amach ina ndéanfar feidhmíocht an Choimisiúin a mheas le linn na tréimhse.

- Forbrófar pleananna gnó bliantúla ina leagfar amach clár bliantúil gníomhaíochtaí chun Ráiteas Straitéise an Choimisiúin a chur i bhfeidhm agus a leagfaidh amach rannchuidiú na bhfoirne taighde riaracháin agus dlí i dtreo na bPríomhchuspóirí a bhaint amach.

- Leis na pleananna gnó seo, leagfar amach go soiléir na bearta sonracha atá á ndéanamh i ngach réimse agus úsáidfear iad mar bhunús do rólphróifílí agus oibleagáidí gaolmhara na mball foirne aonair atá ag oibriú sa réimse sin.

- Beidh freagracht agus cuntasacht fhoriomlán as spriocanna sonraithe plean gnó i ndáil le Príomhchuspóirí mar a shainaithnítear sna pleananna gnó ábhartha.

- Gach ráithe déanfaidh an coiste bainistíochta (ar a mbeidh an Coimisinéir lánaimseartha, Ceann Riaracháin, Stiúrthóir Taighde, Bainisteoir Leabharlainne agus Faisnéise Dlí, Leas-Stiúrthóir Taighde, Bainisteoir Rochtana ar Reachtaíocht, Leas-Bhainisteoir Rochtana ar Reachtaíocht, agus Bainisteoir Tionscadail SLRP) measúnú ar an dul chun cinn maidir le gach Príomhchuspóir i gcomhar leis an duine/na daoine a bhfuil freagracht fhoriomlán orthu as an gcuspóir.

- Tabharfaidh an grúpa seo tuairisc ar bhonn tréimhsiúil don Choimisiún maidir leis an dul chun cinn, ach tabharfaidh siad faoi deara láithreach aon fhadhbanna, bagairtí nó deiseanna móra a thiocfaidh chun cinn.

- Déanfar athbhreithniú ag deireadh gach bliana chun aon athruithe a theastaíonn don bhliain dár gcionn a mheas, agus ar an gcaoi sin ligfear don Choimisiún freagairt ar bhealach solúbtha d'athruithe sa timpeallacht oibriúcháin.

- I dTuarascáil Bhliantúil reachtúil an Choimisiúin tabharfar tuairisc ar an dul chun cinn i dtreo na bPríomhchuspóirí agus na torthaí a bhaint amach.

- Is é an Coimisiún a chinnfidh aon athruithe riachtanacha ar an Ráiteas Straitéise seo do na blianta atá le teacht.